Cinnteoidh an HIA go bhfuil sé seasmhach agus go bhfuil an cumas agus an acmhainn atá iomchuí aige chun ár bhfeidhmeanna reachtúla a chur i gcrích go héifeachtach, ar bhealach inbhuanaithe, agus ar ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh.

Tá faisnéis bhreise maidir leis an HIA lena n-áirítear foilseacháin agus príomhdhoiciméid ar fáil ag **www.hia.ie**.

## AN RÓL

D'fhéadfadh freagrachtaí i leith na nithe a leanas a bheith san áireamh leis na príomhdhualgais:

- Bainistiú a dhéanamh ar fheidhm airgeadais an HIA; lena n-áirítear Buiséadú agus Réamhaisnéis, Cuntais Iníoctha, Sócmhainní Seasta, Párolla, Cánacha agus carnadh agus réamhíocaíochtaí.
- Cuntais bhainistíochta ráithiúla ar leibhéal an Bhoird a ullmhú agus tráchtaireacht a dhéanamh ar an HIA agus ar an gCiste um Chothromú Riosca.
- Agus muid ag obair leis na hEacnamaithe agus na hAchtúirí san HIA chun tuarascálacha a fhorbairt, cinnteofar go bhfuil oibríochtaí an Chiste um Chothromú Riosca ag teacht leis na toimhdí atá mar bhonn leis.
- Meantóireacht a dhéanamh ar bhaill foirne shóisearacha, lena n-áirítear cuntasóir faoi oiliúint.
- Tacaíocht airgeadais do thionscadail chaipitil san HIA.
- Tacú leis na ráiteas airgeadais a chur ar fáil
- Bainistíocht tionscadail a dhéanamh ar thionscnaimh san HIA (m.sh. cur i bhfeidhm córas cuntasaíochta nua)
- Bainistiú agus comhordú a dhéanamh ar an bpróiseas iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí bliantúil.
- Bainistiú a dhéanamh ar ullmhúchán tacaíochta airgeadais seachfhoinsithe ar na cuntais reachtúla bliantúla.
- Anailís ad hoc ar shonraí atá ar fáil chun tacú le haighneachtaí chuig an Roinn Sláinte, chun tacú le fiosrúcháin inmheánacha, le hiarratais ar shaorála faisnéise, nó le ceisteanna parlaiminte.
- Comhpháirtíocht ghnó leis na ranna cumarsáide agus maoirseachta maidir leis an mbealach is fearr chun feidhm a bhaint as a gcuid acmhainní.
- Ionadaíocht a dhéanamh don Cheann Oibríochtaí de réir mar is gá.
- Léargas agus treoir a thabhairt don fheidhm soláthair de réir mar is gá.
- Tacú le hanailís luach ar airgead de réir mar a iarrtar.
- Cibé dualgais eile a chomhlíonadh a ordóidh an Bainisteoir Sinsearach nó an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir.

**Ní liosta cuimsitheach é an tSonraíocht Phoist thuas de na dualgais ar fad a ghabhann leis an bpost agus dá bharr sin, féadfaidh sealbhóir an phoist dualgais eile a chomhlíonadh de réir mar is cuí don phost, a shannfar dó nó di ó am go ham agus chun cur le forbairt an phoist agus an HIA le linn a t(h)réimhse oifige.**

Féadfaidh an ról athrú le himeacht ama de réir riachtanais ghnó.

## TAITHÍ AGUS CÁILÍOCHTAÍ PEARSANTA A THEASTAÍONN

### An Duine

Agus é/í obair faoin gCeann Oibríochtaí, oibreoidh an t-iarrthóir rathúil le gach ball den HIA chun a chinntiú go rithfidh an fheidhm airgeadais go réidh. Éileoidh sé seo ar an iarrthóir peirspictíocht a choinneáil agus tacú le daoine eile le linn tréimhsí brú eagraíochtúil nó oibríochtúil.

